1

Focail Dheacra

	Lch
meascán mearaí cuibhrinn chnocacha	3
urra deargbhuile leathfholúil gine a dhiabhailín dearg-ghnúiseacha	4
muinchillí rúid	5
adhastar draothadh gáire spíonta sólás comhla mo dhorais	6
seitreach ceirtlín ag spágáil	7
tairiscint	9
clár na cruinne seilg boiseog	10

Frásaí

	Lch
ar an trá fholamh	5
craiceann na fírinne	10

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cén aois a bhí ag an tsearrach nuair a chuaigh sé chuig an aonach?
2. Cén cineál capaill í a mháthair?
3. Cén cineál duine a bhí san úinéir nua?
4. Cén fáth ar stad an searrach de bheith ag streachailt agus na fir ag cur rópa thart air?
5. Cad é mar a mhothaigh an searrach nuair a bhain sé an stábla amach?
6. Cén t-ainm a bhí ar an tseanláir?
7. Cé a tháinig chuig an stábla le breathnú ar an tsearrach?
8. Cén t-ainm a bhí ar an ghasúr óg?
9. Déan cur síos ar an tsearrach.
10. Cén aois a bhí ag an ghasúr?
11. Cad é a bhí an t-athair in ainm a bheith ag ceannach ag an aonach?
12. Cad é mar a léirigh an searrach go raibh sé buíoch den ghasúr?
13. Cén fáth ar thug an gasúr Joey ar an tsearrach?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén fáth nár díoladh an searrach go gasta?
2. Cén fáth a raibh deacrachtaí ag na fir breith ar an tsearrach?
3. Cad é a rinne an seanchapall leis an tsearrach a chur ar a shuaimhneas?
4. Cad é a thugann le fios dúinn go raibh níos mó céille ag an ghasúr ná ag a athair in amanna?
5. Cad chuige ar cheannaigh an t-úinéir nua an searrach?
6. Cad é mar atá a fhios againn go raibh an gasúr tógtha faoin tsearrach nua?
7. Cad é a thugann le fios dúinn gur duine cineálta é an gasúr?
8. Cén fáth a raibh an gasúr ag déanamh go raibh eagla ar a athair roimh na capaill?

Ceisteanna Smaointeoireachta

1. Cad é a léiríonn gach ceann de na sleachta athfhriotail seo faoi úinéir nua an chapaill?

Sliocht Athfhriotail Lch 6

> “Ach brisfidh mé thú bealach amháin nó bealach eile.”

> “Ar meisce nó stuama is é an rud is fearr dá ndearna sé riamh.”

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Stair

Déan taighde ar an Chéad Chogadh Domhanda.

- Cén fáth ar cuireadh tús leis an chogadh?
- Cén dáta ar thosaigh an cogadh?
- Cad é an teideal a tugadh ar an Chéad Chogadh Domhanda ag an am?
- Ainmnigh deich dtír a bhí páirteach ann.
- Cén bhaint a bhí ag Franz Ferdinand le tús an chogaidh?
- Scríobh síos 5 fhíric a bhaineann leis an chogadh atá faoi chaibidil sa leabhar seo.

Sliocht Athfhriotail Lch 23

> “Seandiúc éigin ar scaoileadh urchar leis in áit éigin.”

Ón taighde atá déanta agat, abair an aontaíonn tú leis an ráiteas a dúirt Albert nó an léiríonn sé easpa tuisceana ar chúrsaí cogaíochta.